## Cló Fry (1819)



Do ḃí Oscur ann san am g-céadna tar éis léirsgrios go h-iomlán do ṫabairt ar na h-Ulltaiġ, agus do ċuaiḋ faoi na Connaċtaiġ, agus do ḃí go dian ar lorg Chairbre: óir ba ḋóiċ leis d'á ḃ-faġaḋ aṁarc de na béarfadaois fir Eirionn uaiḋ é gan marḃaḋ; agus ann sin ṫarlaiḋ dias mac Chairbre air, éaḋon, Conn agus Art, agus do rin coṁrac éaċtaċ, iongantaċ, leo a raon; agus ṫug béimionna móra, colgaċa, niṁe, ḋóiḃ; agus ṫug gaċ naon díoḃ sin béimionna troma teó do; agus ní fada gur ṁór an truaġ búiṫreaċ na n-óglaoċ ag lán-ḃéimionna Oscuir; fa'n am sin do ḃí mac riġ Ulaḋ, éaḋon, Breaċt mac Briain, a n-géi-ḃionn ċruaiḋ ag Caoilte mac Ronáin, agus ní fada ḃí, an tan do ḃuain an ceann de; agus do ḃí Cairbre ann san am g-céadna tar éis seisear clainne Chaoilte mac Ronáin do ṁarḃaḋ ann sa g-caiṫ; agus is iomḋa búiṫreaċ, blaḋraċ, cruaḋ-ġol, agus gárrṫa, ar feaḋ an ċaṫa lán-ṁór an uair sin. Agus ann san am sin do ḃí dias mac Chairbre agus Oscur 's a n-úrlaoiḋeaċt le ċéile, gur sguab Oscur an ceann d'aon díoḃ, éaḋon, Conn, agus is gearr do ṡearaiḃ an fear eile leis an tan do ḃuain a ċeann de; agus ann sin gluaisios tríd an g-caiṫ ar lorg Chairbre, agus tárlaiḋ taoiseaċ tréan do ṁuintir Chairbre leis, agus do ḃadar a n-gleó re na ċéile, ar an uair ċéadna. Ba ṁór an truaġ Caoilte mac Ronáin ós cionn a ṡeisior clainne; agus an uair do ċualaiḋ Cairbre a ḋias ṁac do ṫuitim le h-Oscur, do ġluais na ṡeanruiṫ gus Oscur 's an g-coṁrac; do ċaiṫ Cairbre an t-sleaġ leis, agus do ḃuail a leiṫ a ḋroma faoi ḃun a ṡlinean, gur ġoin go croiḋe é, agus gur ṫuit marḃ ar an láṫair; aċd go n-dúḃairt, "uċ! uċ!" ar sé, "as í seo sleaġ Chairbre tre mo ċorpsa; de so tairngioċ mo ṫuitim," agus ar sin ṫáiniḋ Oisín go teinn ḋóite ós a ċionn agus ní fada go d-táiniḋ Fionn, agus do ṡil deóra faoi Oscur do ṫuitim, níor ṡil Fionn aon deór a n-diaiġ aon neaċ do'n ḃ-Fhéinn riaṁ roiṁe sin. Ann sin ṫáiniḋ an méid ṁair do'n Fhéinn ós cionn Oscuir, agus

Nicholas O'Kearney, *The Battle of Gabhra* (Baile Átha Cliath, 1853).